

## Seachtain Ghlas an AE 2019 – an cúlra

---

Beidh [Seachtain Ghlas an AE](#) 2019 ar siúl idir an 13 agus 17 Bealtaine. Óstálfar an ócáid oscailte oifigiúil – ar a bhfreastalóidh an Coimisinéir Eorpach um an gComhshaoil, Cúrsaí Muirí agus Iascach, Karmenu Vella agus Maor ar Réigiún Mazowieckie, Adam Struzik – ag Réigiún Mazowieckie, agus tionólfar i Vársá, an Pholainn í ar an 13 Bealtaine.

Tionólfar comhdháil ardleibhéil Sheachtain Ghlas an AE sa Bhruiséil ón 13 go dtí an 15 Bealtaine. Tá cead ag páirtithe leasmhara comhshaoil agus ag an bpobal i gcoitinne freastal ar an gcomhdháil agus áireofar léi searmanas bronnta mar chuid de [Sheachtain Eorpach faoi choinne Laghdú Dramhaíola](#), á óstáil ag Coiste AE na Réigiún, agus searmanas bronnta [LIFE](#), ar an 15 agus an 16 Bealtaine faoi seach.

### Deis díospóireachta

Á heagrú ag Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le beagnach fiche bliain anuas, mealltar príomhphearsana ó gach cearn den domhan mar chuid den tSeachtain Ghlas. Le linn na hócáide is mó sa bhliain seo, tugtar an deis dóibh beartas comhshaoil an AE a phlé. Mar chuid den tSeachtain Ghlas cothaítear díospóireacht idir na páirtithe leasmhara ar leibhéal Eorpach, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil chun cur le ceapadh beartas agus le beartais a chur i bhfeidhm.

Trí bhíthin na ndíospóireachtaí sin tacaítear le pobal gníomhairí a fhorbairt ar fud na hEorpa, pobal a ghlacann páirt in acmhainní comhshaoil a fhorbairt agus i gcleachtais a roinnt. Chomh maith leis sin, spreagtar na saoránaigh chun páirt a ghlacadh in iarrachtaí comhshaoil an AE agus a n-iarrachtaí féin a dhéanamh freisin.

### Téama na bliana 2019

Bíonn tionchar ollmhór ag dlíthe comhshaoil an AE ar ár saolta. Cuirtear feabhas ar chaighdeán an uisce agus an aeir, déantar an dúlra a chosaint agus spreagtar an athchúrsáil. Ach caithfear na dlíthe sin a chur i bhfeidhm go hiomlán chun difríocht cheart a dhéanamh.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach sraith tuairiscí ar an 27 Márta 2019 faoi staid chur i bhfeidhm na ndlíthe comhshaoil san Eoraip: Athbhreithniú ar an gCur Chun Feidhme Comhshaoil. Mar chuid de Sheachtain Ghlas an AE 2019 déanfar torthaí an Athbhreithnithe seo a mheas, agus cuirfear ceisteanna mar seo a leanas: Cén leas a bhaineann le dlíthe comhshaoil AE do shaoránaigh? Cén chuma atá ar chur chun feidhme rathúil? Cén fáth a bhfuil bearnaí cuir chun feidhme ann agus cá bhfuil na bearnaí sin? Conas is féidir le páirtithe leasmhara dlíthe AE a ghabháil chucu féin? Agus conas is féidir leis an AE é sin a éascú agus deimhin a dhéanamh de go n-éistear le guth na saoránach?

### Ócáidí comhpháirtithe

Mar an gcéanna le gach uile bhliain, áireofar le Seachtain Ghlas an AE a lán [ócáidí comhpháirtithe](#) a reáchtálfar ar



**TAKE THE  
INITIATIVE!**

**#EUGreenWeek  
13–17 MAY 2019**

fud na hEorpa ag páirtithe leasmhara éagsúla, údaráis áitiúla, ENRanna agus gnóthais san áireamh, i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine. Mar shampla, triail bhréige ar fhadhb a bhaineann le reachtaíocht chomhshaoil a chur chun feidhme a reáchtálfar ag mic léinn i Scoil Dlí Lyon ar an 26 Aibreán; [saotharlann bheo](#) in Gothenburg ar an 8 Bealtaine, trína gcuirtear ar chumas soláthraithe táirgí, atá saor ó bhreoslaí iontaise, a gcuid táirgí a chur i láthair do cheannaitheoirí féideartha cosúil le Hoppet, naíonra atá saor ó bhreoslaí iontaise; agus an cheardlann [Know What's Below](#) maidir le caomhnú na hoidhreachta faoin uisce ón 15 go dtí an 19 Bealtaine, a thionólfar den chuid is mó ar bhád amach ó Oileáin Aegadian na hIodáile.

### **Dúshlán #MyGreenAction**

Ar siúl ón 21 Márta go dtí an 10 Bealtaine, tugtar cuireadh do dhaoine óga san Eoraip le #MyGreenAction grianghraif, físeáin nó léaráidí a roinnt de na bearta a dhéanann siad chun todhcháí níos glaise a chinntiú. Is féidir iad sin a roinnt trína gcuntais Instagram nó Twitter, nó faoi phostálacha oifigiúla Facebook an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann le dúshlán #MyGreenAction. Roghnófar trí aighneacht gach coicís agus taispeánfar na haighneachtaí sin ar chainéil meán sóisialta an Choimisiúin. Taispeánfar na deich n-iontráil is fearr ar an iomlán i bhfíseán achoimre ag Seachtain Ghlas an AE.

### **Na toghcháin Eorpacha**

Beidh Seachtain Ghlas an AE 2019 ar siúl díreach roimh na [toghcháin Eorpacha](#) a bheidh ar siúl ón 23 go dtí an 26 Bealtaine. Léirítear an breisluach a bhaineann le hobair chomhshaoil an AE le blianta beaga anuas agus is deis í mar sin teagmháil dhaonlathach láneolach a chur chun cinn (go háirithe i measc vótálaithe céaduaire).



**TAKE THE  
INITIATIVE!**

**#EUGreenWeek  
13–17 MAY 2019**